

# Tuarascáil Deiridh AccessibleEU

## Eolas a chur ar an reachtaíocht

### Eorpach maidir le hinrochtaineacht.

Ag obair le chéile chun Aontas Eorpach níos inrochtana a thógáil do dhaoine a bhfuil míchumas orthu.

Cuibhreannas atá comhdhéanta díobh seo:



## Ábhar

|   |    |
|---|----|
| 1. Maidir le AccessibleEU .....                                     | 2  |
| 2. Cuspóir na dtreoirínte seo.....                                  | 2  |
| 3. An reachtaíocht Eorpach maidir le hinrochtaineacht .....         | 3  |
| 3.1. An Ionstraim Eorpach Inrochtaineachta .....                    | 3  |
| 3.2. Soláthar poiblí .....  | 8  |
| 3.3. Cumarsáid, na meáin, agus teicneolaíocht faisnéise .....       | 9  |
| 3.4. Iompar poiblí.....   | 12 |
| 3.5. Seirbhísí digiteacha .....                                     | 22 |
| 3.6. Rochtain ar cheartas.....                                      | 24 |
| 4. Caighdeáin a bhaineann le treoracha agus sainorduithe AE. ....   | 25 |
| 4.1. Caighdeáin inrochtaineachta.....                               | 25 |
| 5. Iarscríbhinn I. Ceanglais inrochtaineachta .....                 | 28 |
| 5.1. Ceanglais maidir le hinrochtaineacht dhigiteach.....           | 28 |
| 5.2. Faisnéis maidir le táirgí agus seirbhísí .....                 | 31 |
| 5.3. Uimhir éigeandála Eorpach (112).....                           | 32 |
| 5.4. Ceanglais inrochtaineachta le haghaidh seirbhísí iompair ..... | 33 |

## 1. Maidir le AccessibleEU

Tá Ionad Acmhainní Inrochtaineachta na hEorpa (AccessibleEU) ar cheann de na tionscnaimh shuaitheanta atá beartaithe i [Straitéis an Choimisiúin Eorpaigh um Chearta Daoine faoi Mhíchumas](#). Is é príomhchuspóir an Lárionaid tacú le cur chun feidhme reachtaíocht inrochtaineachta an Aontais Eorpaigh (AE) i ngach Ballstát agus comhleanúnachas agus éifeachtúlacht an bheartais inrochtaineachta a mhéadú trí rochtain ar eolas ábhartha a éascú. Tugann AccessibleEU údaráis náisiúnta, saineolaithe, gairmithe agus geallsealbhóirí eile le chéile ó gach réimse inrochtaineachta chun dea-chleachtas, eispéiris agus saineolas a chomhroinnt chun cur chun feidhme dhlí AE a éascú.

## 2. Cuspóir na dtreoirlínte seo

Is é atá sna treoirlínte seo ná doiciméad gonta agus éasca le húsáid a bhfuil sé mar aidhm leis eolas a sholáthar faoin reachtaíocht agus na caighdeáin is ábhartha de chuid an Aontais Eorpaigh maidir le hinrochtaineacht. Gheobhaidh léitheoirí tuiscint níos fearr ar a gcuspóir, a raon feidhme agus a bpríomhcheanglais. Áirítear sa doiciméad sin freisin na dátaí faoina raibh nó faoina mbeidh ar na Ballstáit na forálacha atá sonraithe a chur chun feidhme nó iad a thrasú sa reachtaíocht náisiúnta.

Mar sin féin, tá sé tábhachtach go ndéanfadh léitheoirí seiceáil ar bhonn náisiúnta ar an méid atá déanta ag a n-údaráis nó a soláthraithe féin chun an reachtaíocht a chomhlíonadh. Chun tuilleadh mínithe a thabhairt ar na gníomhartha dlí a bhfuil achoimre orthu sa doiciméad seo, d'ullmhaigh AccessibleEU sraith [treoracha comhlántacha atá ar fáil ar shuíomh Gréasáin an Ionaid](#).

### 3. An reachtaíocht Eorpach maidir le hinrochtaineacht

#### 3.1. An Ionstraim Eorpach Inrochtaineachta

##### 3.1.1. Treoir 2019/882/AE i ndáil leis na ceanglais inrochtaineachta le haghaidh táirgí agus seirbhísí

- **Cuspóir**

Le [Treoir 2019/882/AE](#), ar a dtugtar an Ionstraim Eorpach Inrochtaineachta freisin, féachtar le dlíthe náisiúnta agus íoscheanglais inrochtaineachta a chomhchuíbhíú chun feidhmiú cuí an mhargaidh inmheánaigh a áirithiú. Is é an sprioc dheiridh atá aici sochaí níos cuimsithí a dhéanamh den Eoraip trí fheabhas a chur ar an rochtain ar tháirgí agus ar sheirbhísí do dhaoine a bhfuil míchumas orthu, lena n-áirítear i réimse na dTeicneolaíochtaí Faisnéise agus Cumarsáide (TFC). Socraítear sa Treoir seo freisin na ceanglais maidir le hinacmhainneacht rochtana idirlín agus cumarsáide gutha agus maidir le hinfhaighteacht trealaimh ghaolmhair agus seirbhísí gaolmhara do thomhaltóirí a bhfuil míchumas orthu.

- **Raon feidhme**

Is iad teicneolaíochtaí digiteacha príomhfhócas na Treorach seo, a bhfuil feidhm aici maidir le táirgí agus seirbhísí a chuirtear ar an margadh tar éis an 28 Meitheamh 2025 [Airteagal 2]. Ina measc sin tá:

- Fóin cliste, táibléid, ríomhairí agus córais oibriúcháin, trealamh teilifíse
- ATManna agus teirminéil íocaíochta
- Ríomhléitheoirí agus ríomhleabhair
- Meaisíní ticéadaithe agus seiceála isteach
- Seirbhísí fóin
- Seirbhísí baincÉireachta
- Ríomhthráchtáil
- Suíomhanna Gréasáin agus foinsí eile faisnéise le haghaidh iompair
- Seirbhísí meán closamhairc (AVMS)

- Glaonna ar an uimhir éigeandála Eorpach 112.

[Faigh rochtain ar achoimre ar na ceanglais inrochtaineachta le haghaidh táirgí agus seirbhísí a chumhdaítear leis an Treoir seo i Rannán 5 den tuarascáil reatha.](#)

- **Príomhfhórála**

Ní mór do Bhallstáit AE an Treoir seo a thrasú sa dlí náisiúnta. Cé go bhfuil oibleagáid orthu spriocanna na Treorach a chomhlíonadh, tá sé de shaoirse acu cinneadh a dhéanamh ar conas í a fhorfheidmiú [Airteagal 31].

- Ní mór do na Ballstáit a áirithiú nach gcuirfidh monaróirí agus soláthraithe seirbhíse ar an margadh, agus nach soláthróidh siad, na táirgí agus na seirbhísí a thagann faoi raon feidhme na hIonstraime Eorpaí Inrochtaineachta ach amháin nuair a chomhlíonann na táirgí agus na seirbhísí sin na ceanglais inrochtaineachta a leagtar amach in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Treoir [Airteagal 6]
- Nuair a chomhlíonann táirgí agus seirbhísí na ceanglais inrochtaineachta a leagtar amach san Ionstraim Eorpach Inrochtaineachta, ní fhéadfaidh na Ballstáit bac a chur ar a gcúrsaíocht ar an margadh ina gcríoch ar chúiseanna a bhaineann le ceanglais inrochtaineachta [Airteagal 6].
- Maidir le táirgí, cuirtear leis an Ionstraim Eorpach Inrochtaineachta oibleagáidí ar mhonaróirí, ar ionadaithe údaraithe, ar allmhaireoirí agus ar dháileoirí [Airteagal 7].
- Ní mór do mhonaróirí a áirithiú go ndéantar táirgí a dhearadh agus a mhonarú i gcomhréir leis na ceanglais inrochtaineachta is infheidhme a leagtar síos sa Treoir seo. Ní mór dóibh measúnú comhréireachta a dhéanamh agus dearbhú comhréireachta de chuid AE a tharraingt suas, ar dearbhú é nach mór a choinneáil ar feadh 5 bliana agus a bheith ar fáil do na húdaráis ábhartha arna iarraidh sin dóibh. Ní mór dóibh marcáil CE a ghreamú díobh freisin [Airteagal 7].

- Ní mór do na húdaráis faireachais margaidh comhlíonadh na gceanglas inrochtaineachta is infheidhme a sheiceáil agus, i gcás inar gá, a cheangal ar mhonaróirí an ghníomhaíocht cheartaitheach iomchuí ar fad a dhéanamh laistigh de thréimhse réasúnta agus, i gcás mainneachtain gníomhaíocht den sórt sin a dhéanamh, an táirge a tharraingt siar ón margadh [Airteagal 19].
- Ní mór do sholáthraithe seirbhíse seirbhísí a dhearadh agus a sholáthar de réir na gceanglas inrochtaineachta a leagtar amach sa Treoir agus faisnéis a ullmhú ina mínítear conas a chomhlíonann na seirbhísí na ceanglais inrochtaineachta is infheidhme. Ní mór an fhaisnéis sin a bheith ar fáil i bhformáidí inrochtana éagsúla agus ní mór í a choinneáil chomh fada agus atá an tseirbhís i mbun oibre [Airteagal 13].
- Ní mór do na Ballstáit na húdaráis a ainmniú a bheidh freagrach as comhlíonadh na gceanglas inrochtaineachta a sheiceáil, as obair leantach a dhéanamh ar ghearáin agus tuarascálacha ar shaincheisteanna a bhaineann le neamhchomhlíonadh agus a fhíorú go bhfuil na bearta ceartaitheacha is gá déanta ag an soláthraí seirbhíse [Airteagal 23].

[Faigh rochtain ar achoimre ar fhaisnéis maidir le ceanglais táirgí agus seirbhísí i Rannán 5.2 den tuarascáil reatha.](#)

- **An timpeallacht thógtha**

Leis an Ionstraim Eorpach Inrochtaineachta, tugtar an rogha do na Ballstáit ceanglais inrochtaineachta a chomhlíonadh maidir leis an timpeallacht thógtha a úsáideann cliaint seirbhísí a chumhdaítear leis an Treoir. Tá liosta de cheanglais tháscacha chun na críche sin in Iarscríbhinn III [Airteagal 4].

- **Díolúine**

Is gnách go ndíolmhaítear gnólachtaí beaga a sholáthraíonn seirbhísí ó Threoir 2019/882 a chomhlíonadh. [Airteagal 4].

- **Ualach díréireach agus athrú bunúsach: cad atá iontu agus cén uair ba cheart iad a éileamh**

Tá feidhm ag na ceanglais inrochtaineachta a leagtar síos sa Treoir seo a mhéid nach n-éilítear leo athrú ar an táirge nó ar na seirbhísí a bhfuil athrú bunúsach ar a nádúr bunúsach mar thoradh air nó nach bhforchuirtear leo ualach díréireach ar na monaróirí nó na soláthraithe seirbhíse lena mbaineann, ar ualach iomarcach eagraíochtúil nó airgeadais breise é ar an gcuideachta (amhail sciar mór dá n-acmhainní daonna agus airgeadais a ghlacadh). Níor cheart a mheas gur cúiseanna dlisteanacha iad easpa tosaíochta, ama nó eolais. Ní fhéadfaidh eagraíochtaí a fhaigheann maoiniú, bíodh sé poiblí nó príobháideach, ualach díréireach a éileamh mar gheall ar shaincheisteanna airgeadais.

Ní mór do na monaróirí agus na soláthraithe seirbhíse lena mbaineann measúnú a dhéanamh i dtaobh an dtabharfaí athrú bunúsach isteach nó an bhforchuirfí ualach díréireach dá gcomhlíonfaí na ceanglais inrochtaineachta. Ní mór dóibh an measúnú sin a dhoiciméadú agus ní mór dóibh na torthaí ábhartha go léir a choinneáil ar feadh tréimhse cúig bliana. [Airteagal 14].

- **Tráthúlacht**

- 28 Meitheamh 2022 – Spriocdháta do na Ballstáit chun an Treoir a thrasú sa dlí náisiúnta.
- 28 Meitheamh 2025 - Ní mór do na Ballstáit cur chun feidhme a ndlí náisiúnta a áirithiú
- 28 Meitheamh 2030 – deireadh na hidirtréimhse ina bhféadfadh soláthraithe seirbhíse táirgí nach gcomhlíonann na ceanglais inrochtaineachta a leagtar amach san Ionstraim Eorpach Inrochtaineachta a úsáid. Faoin dáta sin, ní mór do gach Ballstát tuarascáil a thíolacadh – agus tuarascáil a thíolacadh gach 5 bliana tar éis an chéad cheann sin – ina ndéanfar meastóireacht ar chur i bhfeidhm na Treorach.
- 28 Meitheamh 2045 - ní mór gach teirminéal féinseirbhíse dorochtana a bhaint.

### 3.1.2. Treoir 2016/2102/AE maidir le hinrochtaineacht suíomhanna gréasáin agus feidhmchlár móibíleach do chomhlachtaí san earnáil phoiblí

- **Cuspóir**

Bunaítear le [Treoir 2016/2102/AE](#) na híoscheanglais nach mór do shuíomhanna Gréasáin agus d'fheidhmchláir a chomhlíonadh chun go mbeidh siad inrochtana do dhaoine a bhfuil míchumas orthu. Féadfaidh na Ballstáit bearta a choimeád ar bun nó a thabhairt isteach i gcomhréir le dlí AE ar bearta iad a théann níos faide ná na híoscheanglais maidir le hinrochtaineacht suíomhanna Gréasáin agus feidhmchlár móibíleach a bhunaítear leis an Treoir seo.

- **Raon feidhme**

Tá feidhm aici maidir le suíomhanna Gréasáin agus feidhmchláir mhóibíleacha ar le comhlachtaí earnála poiblí i ngach Ballstát iad. Is é an sprioc feabhas a chur ar an rochtain ar sheirbhísí poiblí ar líne do dhaoine a bhfuil míchumas orthu.

- **Príomhfhórlacha**

- Ní mór do na Ballstáit a áirithiú go ndéanfaidh comhlachtaí earnála poiblí na bearta is gá chun a suíomhanna Gréasáin agus a bhfeidhmchláir mhóibíleacha a dhéanamh níos inrochtana trí iad a dhéanamh inbhraite, inoibrithe, intuigthe agus stóinsithe.
- Féadfaidh comhlachtaí earnála poiblí leas a bhaint as maolú ar shuíomh Gréasáin ar leith nó ar fheidhmchlár móibíleach ar leith, nuair a d'fhorchuirfeadh comhlíonadh na gceanglas inrochtaineachta ualach díréireach orthu, agus méid, acmhainní agus cineál an chomhlachta earnála poiblí lena mbaineann á gcur san áireamh, chomh maith leis na costais agus na tairbhí measta don chomhlacht earnála poiblí lena mbaineann i ndáil leis na sochair mheasta do dhaoine a bhfuil míchumas orthu [Airteagal 5]
- Ní mór do chomhlachtaí poiblí ráiteas mionsonraithe inrochtaineachta a chur ar fáil maidir leis an gcaoi a gcomhlíonann a suíomhanna Gréasáin na ceanglais a



leagtar amach sa treoir nó de réir na samhla a bunaíodh i [gCinneadh Cur Chun Feidhme AE 2018/1523 an 11 Deireadh Fómhair 2018](#) [Airteagal 7].

- Tá na Ballstáit freagrach freisin as cláir oiliúna a éascú maidir le conas inneachar inrochtana a chruthú, a bhainistiú agus a nuashonrú do shuíomhanna Gréasáin agus d'fheidhmchláir mhóibíleacha. Ní mór dóibh freisin feasacht a ardú freisin maidir leis an tábhacht a bhaineann le ceanglais inrochtaineachta agus dea-chleachtais a chomhroinnt [Airteagal 7].
- Ní mór do na Ballstáit faireachán a dhéanamh ar chomhlíonadh na gceanglas inrochtaineachta a leagtar síos sa Treoir seo, agus ní mór dóibh tuairisc a thabhairt don Choimisiún Eorpach maidir leis an toradh ábhartha [Airteagal 8].
- Ní mór do chomhlachtaí poiblí faisnéis a sholáthar d'úsáideoirí maidir le conas saincheistanna inrochtaineachta a thuairisciú agus ní mór dóibh nasc chuig foirm ghearáin nó sásra a cruthaíodh chun na críche sin a sholáthar [Airteagal 8].

- **Tráthúlacht**

Ba é an 23 Meán Fómhair 2020 an spriocdháta do gach suíomh Gréasáin in earnáil phoiblí an Aontais chun an treoir seo a chomhlíonadh, agus ba é an 23 Meitheamh 2021 an spriocdháta d'fheidhmchláir mhóibíleacha [Airteagal 12].

[Faigh rochtain ar achoimre ar riachtanais agus ceanglais inrochtaineachta i Rannán 5 den tuarascáil reatha.](#)

## 3.2. Soláthar poiblí

### 3.2.1. Treoir 2014/24/AE maidir le soláthar poiblí

- **Cuspóir agus raon feidhme na Treorach**

Leagtar amach i [dTreoir 2014/24/AE](#) na rialacha maidir le soláthar poiblí san Eoraip. Bunaítear léi cathain a bhíonn inrochtaineacht éigeantach agus táirgí agus seirbhísí á bhfáil trí sholáthar. Tá an Treoir seo ar cheann den dá phríomhthreoir

AE lena leagtar síos an creat don soláthar poiblí, mar aon le [Treoir 2014/25/AE \(an Treoir maidir le Fónais\)](#).

- **Raon feidhme**

Ní bhaineann sí ach amháin le tairiscintí a meastar nach lú iad ná na tairseacha arna mbunú ag an gCoimisiún Eorpach. Déantar athbhreithniú ar na tairseacha sin gach dhá bhliain. Ní mór do pháirtithe leasmhara dul i gcomhairle go tráthrialta le hIris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh chun an t-eolas is deireanaí a fháil ar na tairseacha sin [Airteagal 1].

- **Príomhfhórlacha**

- Ní mór an próiseas soláthair a dhéanamh trí mhodhanna leictreonacha cumarsáide a úsáid, más féidir. Ní mór na modhanna sin a bheith neamh-idirdhealaitheach agus ní mór ceanglais inrochtaineachta a chomhlíonadh leo [Airteagal 22].
- Ní mór na critéir inrochtaineachta a luaitear san Ionstraim Eorpach Inrochtaineachta a chomhlíonadh leis na sonraíochtaí teicniúla [Airteagal 42].
- Ní mór an tairiscint is buntáistí go heacnamaíoch a shainiú ar bhonn an phraghais nó an chostais agus d'fhéadfadh an cóimheas praghascháilíochta is fearr a bheith san áireamh inti, rud nach mór a mheasúnú ar bhonn critéar, lena n-áirítear gnéithe cáilíochtúla, comhshaoil agus/nó sóisialta, agus iad nasctha le hábhar an chonartha poiblí atá i gceist. Féadfaidh inrochtaineacht a bheith i gceist leis na critéir sin [Airteagal 67(2)].

- **Tráthúlacht**

Ba é an 18 Aibreán 2016 an spriocdháta do na Ballstáit chun an Treoir seo a thrasú sa dlí náisiúnta [Airteagal 90].

### 3.3. Cumarsáid, na meáin, agus teicneolaíocht faisnéise

#### 3.3.1. Treoir 2018/1972/AE lena mbunaítear an Cód Cumarsáide Eorpach

- **Cuspóir**

Le [Treoir 2018/1972/AE](#), féachtar le margadh inmheánach comhchuibhithe a chur chun feidhme sa teileachumarsáid, sna meáin agus i dteicneolaíocht na faisnéise chun nascacht agus cáilíocht na seirbhísí cumarsáide leictreonaí san Eoraip a threisiú. Tá sé mar aidhm léi freisin cosaint níos fearr do thomhaltóirí a áirithiú agus ligean d'úsáideoirí deiridh a bhfuil míchumas orthu, lena n-áirítear daoine scothaosta, rochtain a fháil ar sheirbhísí cumarsáide ar bhonn comhionann le daoine eile.

- **Raon feidhme**

Leis an Treoir, rialáiltear líonraí cumarsáide leictreonaí (teileachumarsáid), seirbhísí teileachumarsáide agus saoráidí agus seirbhísí gaolmhara [Airteagal 1]

- **Príomhfhórlacha**

Ceanglaítear leis an gCód ar na Ballstáit a áirithiú go mbeidh rochtain ag gach tomhaltóir, lena n-áirítear iad siúd a bhfuil míchumas orthu, ar sheirbhísí cumarsáide inacmhainne agus inrochtana. Maidir leis sin:

- Ní mór dóibh bearta cuí a thabhairt isteach chun cruthú margaidh a chur chun cinn le haghaidh táirgí agus seirbhísí inacmhainne lena n-ionchorpraítear saoráidí do dhaoine a bhfuil míchumas orthu, lena n-áirítear trealamh ag a bhfuil teicneolaíochtaí cúnta. Mar shampla, ba cheart an costas a bhaineann le seirbhísí athsheachadta do thomhaltóirí a bhfuil míchumas orthu a bheith coibhéiseach le meánchostas na seirbhísí cumarsáide gutha [mír 226].
- Ní mór dóibh seirbhísí éigeandála, lena n-áirítear an uimhir éigeandála Eorpach 112, a dhéanamh inrochtana d'úsáideoirí deiridh a bhfuil míchumas orthu. Ní mór an tseirbhís sin a bheith saor in aisce [Airteagal 109(7)].
- Ní mór rochtain ar sheirbhísí éigeandála do dhaoine a bhfuil míchumas orthu a bheith coibhéiseach léi siúd atá ag daoine nach bhfuil míchumas orthu [Airteagal 109(5)].

[Faigh rochtain ar achoimre ar riachtanais inrochtaineachta le haghaidh uimhir éigeandála 112 i Rannán 5.3 den doiciméad reatha.](#)

- Ní mór dóibh a áirithiú go mbainfidh custaiméirí a bhfuil míchumas orthu tairbhe as iomaíocht agus go mbeidh rochtain choibhéiseach acu ar sheirbhísí cumarsáide leictreonaí agus go mbainfidh siad tairbhe as rogha na soláthraithe seirbhíse ar bhonn comhionann le daoine eile. Mar shampla, ní mór dóibh a áirithiú go mbeadh rochtain ag na custaiméirí sin ar théarmaí agus coinníollacha coibhéiseacha, lena n-áirítear praghsanna, rátaí agus cáilíocht seirbhíse [féach mír 297].
- Ní mór dóibh a áirithiú go soláthrófar tacaíocht chuí inrochtana do chustaiméir de chuid aon seirbhíse ar leith a bhfuil míchumas air nó uirthi [Airteagal 85(4)].
- Ní mór dóibh a áirithiú go soláthrófar faisnéis a bhaineann leis an tseirbhís, lena n-áirítear faisnéis chonarthach, ar bhealach soiléir sothuigthe agus i bhformáid inrochtana [Airteagal 102].

- **Tráthúlacht**

Ba é an 21 Nollaig 2020 an spriocdháta do na Ballstáit chun an Treoir seo a thrasú sa dlí náisiúnta. Faoi mhí an Mheithimh 2025, ní mór téacs fíor-ama ar a laghad a imscaradh i ngach Ballstát [[Comhlachas na nUimhreacha Éigeandála Eorpacha](#), 2021, lch. 16].

### 3.3.2. Treoir 2018/1808/AE maidir le seirbhísí meán closamhairc

- **Cuspóir**

Le [Treoir 2018/1808/AE](#), rialaítear comhordú uile-Aontais ar reachtaíocht náisiúnta maidir le seirbhísí meán closamhairc. Áirítear léi sin craoltóireacht thraidisiúnta chomh maith le hardáin ar líne atá ag teacht chun cinn agus meáin nua, agus dá bhrí sin tá feidhm aici maidir le soláthraithe seirbhíse éagsúla amhail craoltóirí, ardáin le haghaidh comhroinnt físeán, agus seirbhísí meán closamhairc eile ar éileamh atá ag feidhmiú laistigh den Aontas Eorpach.

- **Raon feidhme**

Tá feidhm ag an Treoir maidir le soláthraithe seirbhíse meán atá bunaithe sna Ballstáit. I bprionsabal, meastar soláthraí seirbhíse meán a bheith bunaithe i

mBallstát má chuirtear a cheannoifigí agus má dhéantar na cinní eagarthóireachta sa Bhallstát sin. Níl seirbhísí meán closamhairc atá ceaptha lena nglacadh go heisiach i dtríú tíortha faoi réir na Treorach seo [Airteagal 2].

- **Príomhfhorálacha**

- Ní mór do na Ballstáit a áirithiú go gcuirfidh soláthraithe seirbhíse meán atá faoina ndlínse a n-inneachar ar fáil i bhformáid inrochtana do dhaoine a bhfuil míchumas orthu, go háirithe do dhaoine a bhfuil lagú radhairc nó éisteachta orthu [féach mír 22].
- Ní mór rochtain a bheith ag daoine a bhfuil míchumas orthu ar phointe teagmhála chun faisnéis a fháil nó chun gearáin a chur isteach maidir le saincheisteanna inrochtaineachta, ar pointe rochtana é atá inrochtana agus ar fáil ar líne [Airteagal 7].

- **Tráthúlacht**

Chuaigh an spriocdháta trasúí don Treoir in éag an 19 Meán Fómhair 2020.

### 3.4. Iompar poiblí

An 23 Samhain 2023, mhol an Coimisiún Eorpach [an pacáiste soghluaisteachta do phaisinéirí](#), áit a dtugtar aird ar leith ar riachtanais paisinéirí a bhfuil míchumas orthu agus/nó a bhfuil a soghluaisteacht laghdaithe. Is é is aidhm do na tograí sin feabhas a chur ar eispéireas paisinéirí agus taistealaithe trína gcearta a neartú.

Leis an togra, cuirtear sásraí forfheidhmiúcháin níos láidre ar fáil agus tugtar isteach rialacha nua d'aerphaisinéirí a chuir a n-eitiltí in áirithe trí idirghabhálaí. Cosnaítear leis freisin cearta na bpaisinéirí a úsáideann cineálacha éagsúla iompair in aon turas amháin. Mar shampla, traenacha agus busanna. Maidir le daoine a bhfuil a soghluaisteacht laghdaithe agus a aistríonn ó mhodh iompair amháin go modh iompair eile le linn a dturais, tabharfaidh iompróirí agus oibríteoirí críochfoirt cúnamh dóibh ag pointí nasctha nuair a thaistealaíonn siad faoi chonradh iompair aonair nó nuair a thaistealaíonn siad trí mhoil ilmhódacha

paisinéirí. Chomh maith leis sin, ní mór d'aerlínite a iarrann ar phaisinéirí a bhfuil a soghluaisteacht laghdaithe taisteal in éineacht le duine tionlacain cead a thabhairt don duine tionlacain taisteal saor in aisce.

Go dtí go nglacfar an pacáiste soghluaisteachta paisinéirí a mholtar i mí na Samhna, áfach, fanfaidh an reachtaíocht a bhfuil achoimre uirthi thíos i bhfeidhm.

### 3.4.1. Rialachán (AE) Uimh. 2021/782 maidir le cearta agus oibleagáidí paisinéirí iarnróid

- **Cuspóir**

Le [Rialachán \(AE\) Uimh. 2021/782](#), leagtar síos na rialacha maidir le cearta paisinéirí iarnróid a bhfuil míchumas orthu agus na coinníollacha a thairgeann soláthraithe iompair d'iarnród.

- **Raon feidhme**

I bprionsabal, tá cearta paisinéirí iarnróid an Aontais Eorpaigh infheidhme maidir le gach seirbhís iarnróid do phaisinéirí i ngach Ballstát. Mar sin féin, féadfaidh na Ballstáit cineálacha áirithe seirbhísí a dhíolmhú ó chur i bhfeidhm na gceart sin faoi na rialacháin. Tagraítear sa rialachán do dhaoine a bhfuil míchumas orthu agus do dhaoine a bhfuil a soghluaisteacht laghdaithe: ciallaíonn sé sin aon daoine a bhfuil orthu lagú buan nó sealadach a d'fhéadfadh bac a chur ar a n-úsáid iomlán agus éifeachtach iompair ar bhonn comhionann le paisinéirí eile nó a laghdaítear a soghluaisteacht agus iad ag úsáid iompair mar gheall ar aois [Airteagal 2].

- **Príomhfhórlacha**

- Ní fhéadfar táillí breise a ghearradh ar áirithintí ná ar thicéid do phaisinéirí a bhfuil míchumas orthu [Airteagal 11(4)].
- Ní mór aon fhaisnéis faoin turas, lena n-áirítear athruithe ar sceideal, éigeandálaí agus saoráidí rochtana ar bord, i measc nithe eile, a bheith ar fáil i bhformáidí inrochtana [Airteagal 22(1)].

- Ní mór do bhainisteoirí stáisiúin agus do chuideachtaí iarnróid cúnamh a thairiscint saor in aisce do phaisinéirí a bhfuil míchumas orthu ag an stáisiún agus ar bord araon. Ní mór do dhaoine a bhfuil a soghluaisteacht laghdaithe a bheith in ann dul ar bhord traenach agus tuirlingt di gan fadhbanna [Airteagal 23(1)].
- Má éilíonn cuideachta iarnróid go bhfuil duine tionlacain in éineacht le duine a bhfuil míchumas air nó uirthi ar bhord na traenach, ní mór don duine tionlacain a bheith i dteideal taisteal saor in aisce agus a bheith ina shuí nó ina suí, más féidir, in aice leis an bpríomhphaisinéir [Airteagal 23(1b)].
- Ní mór rochtain a bheith ag paisinéirí a bhfuil míchumas orthu ar na seirbhísí céanna a bhfuil rochtain ag paisinéirí eile orthu agus iad ar bord [Airteagal 23(1h)].
- Ní mór paisinéirí a chúiteamh go hiomlán agus gan moill mhíchuí as aon chailleanas nó damáiste do threalamh soghluaisteachta, lena n-áirítear cóireáil do mhadraí cúnata a gortaíodh le linn an turais [Airteagal 13].
- Más rud é go gcuirtear isteach ar an turas agus nach féidir leis leanúint ar aghaidh ar an lá céanna agus go gcaithfidh an chuideachta iarnróid cóiríocht a thairiscint don oíche, ní mór riachtanais madraí cúnata a chur san áireamh freisin, nuair is féidir [Airteagal 20(2)].
- Ní mór do bhainisteoirí stáisiúin traenach agus do chuideachtaí iompair córas láimhseála gearán a chur i bhfeidhm do phaisinéirí. Ní mór treoracha agus mionsonraí an nós imeachta gearáin a bheith ar fáil i bhformáidí inrochtana [Airteagal 28].
- Ní mór do dhaoine a bhfuil míchumas orthu agus a dteastaíonn cúnamh taistil uathu réamhfhógra 24 uair an chloig a thabhairt chun cúnamh taistil a iarraidh (24 uair an chloig roimh imeacht). Mar sin féin, ní mór do bhainisteoirí stáisiúin agus do sholáthraithe seirbhíse iarracht réasúnta a dhéanamh cúnamh a thairiscint fiú mura dtugtar fógra 24 uair an chloig [Airteagal 24].

- Ina theannta sin, ba cheart oiliúint spriocdhírithé a bhaineann le míchumas a chur ar bhailt foirne a bhíonn ag déileáil leis an gcúnamh sin ionas go mbeidh a fhios acu conas freastal ar riachtanais paisinéirí a bhfuil míchumas orthu. Beartaítear freisin cúrsaí oiliúna athnuachana tráthrialta [Airteagal 26].

- **Tráthúlacht**

Tá feidhm ag an rialachán seo maidir leis na Ballstáit uile amhail ó mhí an Mheithimh 2023.

### 3.4.2. Rialachán (AE) Uimh. 1300/2014 ón gCoimisiún maidir leis na sonraíochtaí teicniúla le haghaidh idir-inoibritheachta a bhaineann le hinrochtaineacht chóras iarnróid an Aontais do dhaoine a bhfuil míchumas orthu agus do dhaoine a bhfuil a soghluaisteacht laghdaithe (TSI-PRM)

- **Cuspóir**

Le [Rialachán \(AE\) Uimh. 1300/2014 ón gCoimisiún](#), ar a dtugtar "TSI-PRM" freisin, pléitear le hinrochtaineacht traenacha agus stáisiún iarnróid. Is é is cuspóir leis go n-oibreodh na Ballstáit uile chun inrochtaineacht a gcórais iarnróid a fheabhsú do dhaoine a bhfuil míchumas orthu agus do dhaoine a bhfuil a soghluaisteacht laghdaithe.

- **Raon feidhme**

Baineann an TSI-PRM le gach réimse poiblí stáisiún atá tiomnaithe d'iompar paisinéirí. Cumhdaítear leis gach gné atá ábhartha maidir le hinrochtaineacht do dhaoine a bhfuil míchumas orthu agus do dhaoine a bhfuil a soghluaisteacht laghdaithe (e.g.: bonneagar, rothstoc, oibriú agus bainistiú tráchta) [Airteagal 2].

- **Príomhfhórlacha**

- Ní mór gnéithe inrochtaineachta a bheith ag traenacha agus stáisiúin nua agus athchóirithe, amhail:
  - leithris atá oiriúnach do chathaoireacha rothaí



- comharthaí fuaim
- lúba éisteachta ag deasc na dticéad
- marcáil thadhlaigh ar ardáin
- soilsíú

Féach rannán 4.2 san Iarscríbhinn chun faisnéis mhionsonraithe a fháil.

- Ceanglaítear ar na Ballstáit Plean Náisiúnta Cur Chun Feidhme a fhorbairt agus iarracht a dhéanamh é a chur i bhfeidhm ina leagfar síos conas a chuirfidh siad deireadh de réir a chéile leis na bacainní sainaitheanta uile ar inrochtaineacht ar fud an ghréasáin iarnróid [Airteagal 8].

- **Tráthúlacht**

Foilsíodh an rialachán ón gCoimisiún i mí na Samhna 2014 agus tháinig sé i bhfeidhm i mí Eanáir 2015.

### 3.4.3. Rialachán (AE) Uimh. 181/2011 maidir le cearta paisinéirí in iompar de bhus agus de chóiste

- **Cuspóir**

Le [Rialachán \(AE\) Uimh. 181/2011](#), bunaítear na rialacha maidir le cearta paisinéirí atá ag taisteal de bhus nó de chóiste agus na coinníollacha a thairgeann soláthraithe iompair bus/cóiste.

- **Raon feidhme**

Tá feidhm ag an Rialachán maidir le paisinéirí atá ag taisteal le seirbhísí tráthrialta bus/cóiste a imíonn ó chríochfort atá suite ar chríoch Ballstáit agus a bhfuil fad turais is ionann agus 250 km nó níos mó acu.

- **Príomhfhórlacha**

- Tá paisinéirí i dteideal cúiteamh nó athsholáthar comhchosúil a fháil ar threalamh nó feistí soghluaisteachta a cailleadh nó a ndearnadh damáiste dóibh le linn an turais. Ní mór cúiteamh a bheith comhionann leis an gcostas a

- bhaineann leis an trealamh cailte nó damáistithe a athsholáthar nó a dheisiú [Airteagal 7].
- Ní fhéadfaidh cuideachtaí bus/cóiste áirithint nó ticéad a dhiúltú d'aon duine ar fhorais míchumais nó soghluaisteachta laghdaithe. Ní cheadaítear diúltú ach ar chúiseanna sábháilteachta inchosanta. Mar shampla, má fhágann dearadh na feithicle nach féidir paisinéir a bhfuil míchumas air nó uirthi dul ar bhord na feithicle nó tuirlingt di go sábháilte [Airteagal 9].
  - Ní mór córais áirithinte agus díolacháin ticéad ar líne nó dhigiteacha (suíomhanna Gréasáin nó feidhmchláir) a bheith inrochtana do phaisinéirí a bhfuil míchumas orthu [Airteagal 9].
  - Ní fhéadfaidh soláthraithe iompair bus/cóiste costais bhreise a ghearradh ar phaisinéirí a bhfuil míchumas orthu as áirithintí agus ticéid. Ní mór na coinníollacha a bheith mar an gcéanna leis na coinníollacha a bhfuil feidhm acu maidir le paisinéirí eile [Airteagal 9].
  - Má dhiúltaíonn iompróir, gníomhaire taistil nó tionscnóir turas áirithint ó dhuine ar fhorais míchumais nó soghluaisteachta laghdaithe ar chúiseanna sábháilteachta, féadfaidh an duine sin a iarraidh go mbeidh duine eile in éineacht leis nó léi atá in ann an cúnamh is gá a sholáthar. Ní mór an duine tionlacain a iompar saor in aisce agus, nuair is féidir, ní mór é nó í a bheith ina shuí nó ina súí in aice leis an duine a bhfuil míchumas air nó uirthi [Airteagal 10].
  - Ní mór do sholáthraithe seirbhíse iompair agus d'fhoireann stáisiúin cúnamh a chur ar fáil saor in aisce do dhaoine a bhfuil míchumas orthu ag críochfoirt agus ar bhord busanna agus cóistí agus ní mór dóibh a bheith oilte i gceart chun na críche sin [Airteagal 13].
  - Ní mór don chomhlacht bainistithe críochfoirt pointe a ainmniú laistigh nó lasmuigh den chríochfort inar féidir le daoine a bhfuil míchumas orthu nó daoine a bhfuil a soghluaisteacht laghdaithe a fhógairt go bhfuil siad tagtha isteach

agus cúnamh a iarraidh. Ní mór comharthaíocht shoiléir a bheith i láthair chun an pointe a chur chun cinn agus ní mór faisnéis bhunúsach a thairiscint inti faoin gcríochfort agus faoin gcúnamh a sholáthraítear, i bhformáidí inrochtana [Airteagal 13].

- **Tráthúlacht**

Tá feidhm ag an rialachán maidir leis na Ballstáit uile amhail ón 1 Márta 2013.

#### 3.4.4. Rialachán (AE) Uimh. 1107/2006 maidir le cearta daoine a bhfuil míchumas orthu agus daoine a bhfuil a soghluaisteacht laghdaithe agus iad ag taisteal d'aer

- **Cuspóir**

Le [Rialachán \(AE\) Uimh. 1107/2006](#), bunaítear rialacha maidir le cosaint agus soláthar cúnamh do phaisinéirí a bhfuil míchumas orthu agus do dhaoine a bhfuil a soghluaisteacht laghdaithe agus a bhfuil sé beartaithe acu taisteal trí aersheirbhísí tráchtála do phaisinéirí a úsáid.

- **Raon feidhme**

Tá feidhm ag an Rialachán maidir le paisinéirí a imíonn ó aerfort atá suite ar chríoch Ballstáit, atá ar idirthuras nó a thagann chuig aerfort atá suite ar chríoch Ballstáit. Tá feidhm ag na rialacha freisin maidir le paisinéirí atá ag taisteal ó thrú tír chuig Ballstát in aerlíne de chuid AE [Airteagal 1].

- **Forálacha ábhartha**

- Ní fhéadfaidh aerlínte áirithint nó ticéad a dhiúltú d'aon duine ar fhorais míchumais nó soghluaisteachta laghdaithe. Ní cheadaítear diúltú ach ar chúiseanna sábháilteachta inchosanta [Airteagal 3].
- Tá paisinéirí a ndiúltaítear bordáil dóibh tar éis ticéad a cheannach i dteideal aisíocaíocht nó athródú a fháil [Airteagal 2].

- Ní mór d'aerfoirt pointe a ainmniú ag ar féidir le paisinéirí a bhfuil míchumas orthu a dteacht isteach a fhógairt agus cúnamh a iarraidh [Airteagal 5].
- Ní mór cúnamh a chur ar fáil do phaisinéirí a bhfuil míchumas orthu ag an aerfort agus ar an eitleán, agus chun dul ar bord agus tuirlingt [féach larscríbhinn I].
- Ní mór cúnamh a bheith saor in aisce [se Airteagal 8].
- Ní mór d'aeriompróirí agus do chomhlachtaí bainistíochta aerfoirt a áirithiú go gcuirfear oiliúint chuí ar a bpearsanra maidir le conas cúnamh a sholáthar [Airteagal 11].
- Ní mór do phaisinéirí a bhfuil míchumas orthu a riachtanais ar leith a chur in iúl d'aeriompróirí, dá ngníomhairí nó dá dtionscnóirí turas 48 uair an chloig ar a laghad roimh an am imeachta foilsithe [Airteagal 6].
- Is féidir le haerlínte iarraidh ar phaisinéirí a bhfuil míchumas orthu taisteal in éineacht le duine atá in ann cúnamh a thabhairt, mura féidir leis an bpaisinéir príomhriachtanais sábháilteachta a chomhlíonadh gan chúnamh (an seaicéad tarrthála a shroicheadh, an crios sábhála a cheangal agus an t-eitleán a aslonnú i gcás éigeandála) [Airteagal 3].
- Má theipeann ar aerlíne an Rialachán seo a chomhlíonadh, féadfaidh paisinéirí a bhfuil míchumas orthu gearán a dhéanamh le comhlacht bainistíochta an aerfoirt, na haerlíne nó an chomhlachta arna ainmniú ag an mBallstát ina bhfuil an t-aerfort lonnaithe [Airteagal 15].
- Féadfaidh na Ballstáit pionóis a leagan síos d'aon aerlíne de chuid AE nach gcomhlíonann an Rialachán seo [Airteagal 16].
- Ní mór faisnéis maidir le rialacha agus srianta sábháilteachta a bhfuil feidhm acu maidir le trealamh agus feistí a úsáideann paisinéirí a bhfuil míchumas orthu a bheith ar fáil i bhformáidí inrochtana. Tá feidhm aige sin maidir le

tionscnoirí turas agus gníomhairí taistil a dhéanann áirithintí aerthaistil [Airteagal 4].

- Ní mór freastal ar mhadraí cúnta ar eitleáin i gcomhréir leis na dlíthe náisiúnta is infheidhme [Airteagal 7].

- **Tráthúlacht**

Tá feidhm ag an rialachán maidir leis na Ballstáit uile amhail ó mhí Iúil 2008.

### 3.4.5. Treoir 2009/45/AE maidir le rialacha agus caighdeáin sábháilteachta do longa paisinéirí

- **Cuspóir**

Le [Treoir 2009/45/CE](#), tugtar isteach leibhéal aonfhoirmeach sábháilteachta beatha agus maoinne ar longa paisinéirí nua agus ar longa paisinéirí atá ann cheana agus ar árthaí ardluais do phaisinéirí nuair a bhíonn an dá chatagóir long agus árthaí ag gabháil do thurais intíre. Leagtar síos léi freisin nósanna imeachta maidir le caibidlíocht ar an leibhéal idirnáisiúnta d'fhonn comhchuíbhiú a dhéanamh ar na rialacha do longa paisinéirí a bhíonn ag gabháil do thurais idirnáisiúnta.

- **Raon feidhme**

Tá feidhm ag an Treoir seo maidir leis na longa agus na hárthaí paisinéirí seo a leanas agus iad ag gabháil do thurais intíre [Airteagal 3].:

- Longa paisinéirí nua agus longa paisinéirí atá ann cheana atá 24 méadar ar fhad agus os a chionn
- Árthaí ardluais do phaisinéirí

- **Príomhfhórlacha**

Féach larscríbhinn III le haghaidh tuilleadh mionsonraí.

- Ní mór le dearadh an tsoithigh ligean do dhaoine a bhfuil míchumas orthu nó a bhfuil a soghluaisteacht laghdaithe dul ar bord agus tuirlingt go héasca le cúnamh nó gan chúnamh. Ní mór leis freisin a chur ar a gcumas bogadh timpeall an tsoithigh, dul isteach ar na deiceanna agus amach astu gan

chúnamh nó trí rampaí nó trí ardaitheoirí. Ní mór ráillí láimhe, dorchlaí agus pasáistí agus doirse a bheith in ann freastal ar ghluaiseacht duine i gcathaoir rothaí.

- Ba cheart comharthaí a chuirtear ar fáil ar long chun cabhrú le paisinéirí a bheith inrochtana agus éasca le léamh do dhaoine a bhfuil a soghluaisteacht laghdaithe (lena n-áirítear daoine a bhfuil míchumas céadfach orthu) agus ba cheart iad a bheith suite ag príomhphointí.
- Ba cheart é a bheith d'acmhainn ag oibritheoirí ar bhord an tsoithigh ó thaobh an radhairc de agus ó bhéal chun fógraí a thabhairt do dhaoine a bhfuil míchumas orthu. Ní mór córais aláram a bheith deartha le bheith inrochtana do phaisinéirí a bhfuil a soghluaisteacht laghdaithe, lena n-áirítear paisinéirí a bhfuil míchumas céadfach nó foghlama orthu.

- **Tráthúlacht**

Ba cheart an Treoir seo a bheith trasuite ag na Ballstáit uile faoi mhí Eanáir 2003.

### **Rialachán (AE) Uimh. 1177/2010 maidir le cearta paisinéirí agus iad ag taisteal ar muir agus ar uiscebhealaí intíre**

- **Cuspóir**

Le [Rialachán \(AE\) Uimh. 1177/2010](#), sonraítear na rialacha maidir le cearta paisinéirí atá ag taisteal ar muir nó ar uiscebhealaí intíre agus na coinníollacha a thairgeann soláthraithe iompair.

- **Raon feidhme**

- Tá feidhm ag an Rialachán seo maidir le paisinéirí atá ag taisteal ar sheirbhísí paisinéirí arna n-oibriú ag iompróir de chuid an Aontais agus atá ag dul ar bord agus/nó ag tuirlingt i gcríoch Ballstáit. Tá roinnt eisceachtaí ann, áfach, mar shampla níl feidhm ag an Rialachán maidir le longa a dheimhnítear chun suas le 12 phaisinéir a iompar nó le turais chuairte agus fámaireachta seachas crúis [Airteagal 2].

- **Príomhfhorálacha**

- Ní mór do na Ballstáit a áirithiú go mbunóidh bainisteoirí calafoirt agus cuideachtaí iompair rialacha rochtana neamh-idirdhealaitheacha do phaisinéirí [Airteagal 9].
- Níor cheart áirithint, ticéad ná bordáil a dhiúltú do phaisinéirí ar fhorais míchumais nó soghluaisteachta laghdaithe. Ní cheadaítear diúltú ach ar chúiseanna sábháilteachta inchosanta [Airteagal 7].
- Ní mór cúnamh ar an láthair do phaisinéirí a bhfuil míchumas orthu a chur ar fáil saor in aisce ag an gcalafoirt agus ar bord. Ní mór do phaisinéirí a bheith in ann dul ar bord agus tuirlingt go sábháilte ar an soitheach. Ní mór d'oibritheoirí críochfoirt a áirithiú go gcuirfead oiliúint chuí ar a bpearsanra chun an cúnamh sin a sholáthar [Airteagal 14].
- Ní mór faisnéis maidir leis an turas, lena n-áirítear coinníollacha rochtana, a bheith ar fáil i bhformáidí inrochtana [Airteagal 9].
- Ní mór freastal ar mhadraí cúnata i gcomhréir le reachtaíocht an Bhallstáit óna n-oibríonn an soláthraí seirbhíse [Airteagal 10].

- **Tráthúlacht**

Cuireadh an Rialachán i bhfeidhm i ngach Ballstát amhail ón 18 Nollaig 2012.

[Faigh rochtain ar achoimre ar na ceanglais inrochtaineachta ghinearálta is infheidhme maidir le hiompar poiblí san Eoraip i Rannán 5.4 den tuarascáil seo.](#)

### **3.5. Seirbhísí digiteacha**

#### **3.5.1. Rialachán (AE) Uimh. 2022/2065 maidir le Margadh Aonair do Sheirbhísí Digiteacha (An Gníomh um Sheirbhísí Digiteacha)**

- **Cuspóir**

Le [Rialachán \(AE\) Uimh. 2022/2065](#), sonraítear rialacha comhchuibhithe maidir le seirbhísí digiteacha idirmheánacha a sholáthar i margadh inmheánach na hEorpa do sheirbhísí idirmheánacha a thairgtear d'fhaighteoirí atá lonnaithe in AE.

- **Raon feidhme**

Tá feidhm ag an rialachán maidir le seirbhísí idirmheánacha a thairgtear d'fhaighteoirí atá lonnaithe in AE [Airteagal 2].

- **Príomhfhórlacha**

Iarrtar leis an Rialachán seo go mbunófaí cód iompair lena n-éascófar inrochtaineacht ardán an-mhór ar líne agus inneall cuardaigh chun a áirithiú go gcomhlíonfaidh an fhaisnéis na ceanglais inrochtaineachta a leagtar amach i reachtaíocht AE. I bhfocail eile, ní mór an fhaisnéis sin a bheith éasca le fáil agus inrochtana do dhaoine a bhfuil míchumas orthu [Airteagal 47].

- **Tráthúlacht**

Tháinig an rialachán i bhfeidhm i mí na Samhna 2022 agus ní mór feidhm a bheith aige maidir leis na Ballstáit uile ón 17 Feabhra 2024 i leith.

### 3.5.2. Rialachán (AE) Uimh. 910/2014 maidir le ríomh-shainaitheantas agus seirbhísí iontaoibhe le haghaidh ríomh-idirbheart sa mhargadh inmheánach

- **Cuspóir**

Le [Rialachán \(AE\) Uimh. 910/2014](#), féachtar le muinín as ríomh-idirbhearta uile-Aontais a fheabhsú agus éifeachtacht seirbhísí poiblí agus príobháideacha ar líne agus éifeachtacht ríomhthráchtála a mhéadú. Ina theannta sin, cuirtear deireadh leis le bacainní ar chórais ríomh-shainaitheantas agus ríomhshínithe, ionas go bhféadfaidh eintitis aonair agus dhlíthiúla araon a ríomh-shainaitheantas a úsáid in aon tír de chuid an Aontais Eorpaigh.

- **Raon feidhme**



Bunaítear leis an rialachán creat dlíthiúil trasteorann le haghaidh ríomhshínithe, ríomhshéala, ríomhstampa ama, ríomhsheachadadh deimhnithe agus fíordheimhniú suímh Gréasáin [Airteagal 2].

- **Príomhfhórlacha**

Nuair is féidir, ní mór seirbhísí iontaoibhe a sholáthraítear, agus táirgí úsáideora deiridh a úsáidtear, le linn na seirbhísí sin a sholáthar a chur ar fáil ar bhealach inrochtana do dhaoine a bhfuil míchumas orthu [Airteagal 15].

- **Tráthúlacht**

Tá feidhm ag an rialachán seo maidir leis na Ballstáit uile amhail ón 1 Iúil 2016.

### 3.6. Rochtain ar cheartas

#### 3.6.1. Treoir 2012/29/AE lena mbunaítear íoschaighdeáin maidir le cearta, tacaíocht agus cosaint íospartaigh na coireachta

- **Cuspóir**

Le [Treoir 2012/29/AE](#), féachtar lena áirithiú go ndéanfar íospartaigh na coireachta a aithint, go gcaithfear leo ar bhealach measúil, gairmiúil, íogair agus neamh-idirdhealaitheach, agus go bhfaighidh siad faisnéis, tacaíocht agus cosaint iomchuí. Féachtar léi freisin lena áirithiú go mbeidh siad in ann páirt a ghlacadh in imeachtaí coiriúla.

- **Raon feidhme**

Tá feidhm ag forálacha na Treorach maidir le híospartaigh na gcoireanna uile, ach tugtar aird ar leith ar chatagóirí sonracha íospartach, lena n-áirítear íospartaigh a bhfuil míchumas orthu.

- **Príomhfhórlacha**

Ní mór do Bhallstáit AE a áirithiú go mbeidh íospartaigh a bhfuil míchumas orthu in ann tairbhe iomlán a bhaint as na cearta a leagtar amach sa Treoir seo, ar bhonn comhionann le daoine eile, mar shampla a áirithiú go dtabharfar cumarsáid i

dteanga shimplí inrochtana, ó bhéal nó i scríbhinn. Ní mór dóibh freisin inrochtaineacht ar áitribh ina seoltar imeachtaí coiriúla a éascú agus ní mór dóibh a áirithiú go gcomhlíonfaidh an fhaisnéis a sholáthraítear na critéir inrochtaineachta a leagtar amach i reachtaíocht an Aontais Eorpaigh [mír 15].

- **Tráthúlacht**

Tháinig an treoir i bhfeidhm i mí na Samhna 2012. Chuaigh an spriocdháta chun é a thrasú in éag an 16 Samhain 2015.

## 4. Caighdeán a bhaineann le treoracha agus sainorduithe AE.

### 4.1. Caighdeán inrochtaineachta

#### 4.1.1. EN 301 549 Ceanglais inrochtaineachta le haghaidh táirgí agus seirbhísí TFC

- **Cuspóir agus raon feidhme an chaighdeáin**

Sonraítear sa chaighdeán Eorpach [EN 301 549](#) na ceanglais inrochtaineachta feidhmiúla le haghaidh réitigh éagsúla Teicneolaíochta Faisnéise agus Cumarsáide (TFC). Rinneadh comhchuibhiú ar an dá leagan is déanaí den chaighdeán seo. Is é an leagan is déanaí, [EN 301 549 v3.2.1](#), an ceann atá i bhfeidhm faoi láthair.

Áirítear leis an gcaighdeán cur síos ar nósanna imeachta tástála agus modheolaíocht mheastóireachta do gach ceanglas, agus tagraítear ann do WCAG 2.1 chun ceanglais inrochtaineachta a chur i bhfeidhm. Tá sé beartaithe é a úsáid le teicneolaíochtaí Gréasánbhunaithe, teicneolaíochtaí neamh-Ghréasáin, táirgí agus seirbhísí a úsáideann bogearraí agus cruá-earraí araon.

Glacadh an caighdeán sin mar fhreagairt ar shainorduithe caighdeánaithe [M 376](#) agus [M 554](#) ón gCoimisiún.

#### 4.1.2. EN 17210:2021 Inrochtaineacht agus inúsáidteacht na timpeallachta tógtha – Ceanglais fheidhmiúla

- **Cuspóir agus raon feidhme an chaighdeáin**

Forbraíodh [Caighdeán EN 17210:2021](#) mar fhreagairt ar shainordú caighdeánaithe [M 420](#) Timpeallacht Thógtha ón gCoimisiún Eorpach. Sonraítear ann sraith de cheanglais inrochtaineachta agus inúsáidteachta feidhmiúla agus moltaí maidir le go leor eilimintí tógála, le cóimeáil, le cumraíocht taobh istigh agus leis na comhpháirteanna agus feistis a bhfuil an timpeallacht thógtha comhdhéanta díobh.

Go sonrath, baineann na ceanglais fheidhmiúla agus na moltaí sin leis na gnéithe tógála de limistéir coisithe agus uirbeacha lasmuigh, leis an mbealach isteach i bhfoirgnimh agus leis an rochtain ar fhoirgnimh, le cúrsaíocht laistigh, le húsáid saoráidí laistigh de na foirgnimh, le foirgnimh a fhágáil i ngnáthchásanna agus le hiad a fhágáil i gcásanna éigeandála. Áirítear leis an gcaighdeán freisin ceanglais fheidhmiúla agus moltaí a bhaineann le foirgnimh le haghaidh úsáidí sonracha amhail cóiríocht, lena n-áirítear óstáin agus tithíocht inoiriúnaithe, úsáid chultúrtha, fóillíochta agus spóirt, agus saoráidí iompair, i measc nithe eile.

Cuirtear na ceanglais agus na moltaí le chéile i dtéarmaí cáilíochtúla agus déantar cur síos iontu ar na cuspóirí atá le baint amach, bunaithe ar éagsúlacht na n-úsáideoirí i bpeirspictíocht conaire saoil. Is féidir iad a úsáid mar chritéir chun conarthaí poiblí a dhámhachtain agus chun críocha eile amhail reachtaíocht inrochtaineachta.

Forbraíodh dhá thuarascáil theicniúla lena léamh in éineacht le caighdeán EN 17210. Is iad sin:

- [CEN/TR 17621:2021](#) Inrochtaineacht agus inúsáidteacht na timpeallachta tógtha – Critéir agus sonraíochtaí feidhmíochta teicniúla. Léirítear sa doiciméad seo na critéir agus sonraíochtaí feidhmíochta teicniúla chun na ceanglais fheidhmiúla a thugtar sa Chaighdeán Eorpach EN 17210 a chomhlíonadh.
- [CEN/TR 17622:2021](#) Inrochtaineacht agus inúsáidteacht na timpeallachta tógtha – Measúnú comhréireachta. Déantar measúnú sa doiciméad seo ar chomhréireacht na gceanglas feidhmiúil a thugtar i gCaighdeán EN 17210.

#### 4.1.3. EN 17161:2019 Dearadh do Chách – Inrochtaineacht

- **Cuspóir agus raon feidhme an chaighdeáin**

I [gCaighdeán 17161:2019](#), sonraítear ceanglais agus moltaí lena gcuirtear ar chumas eagraíochtaí éagsúlacht na ndaoine a bhfreastalaíonn siad orthu a leathnú trína riachtanais, a saintréithe, a gcumais agus a roghanna éagsúla a aithint, agus páirt á tabhairt dóibh ina nósanna imeachta agus ina bpróisis. Cabhraítear leis freisin le heagraíochtaí na ceanglais dhlíthiúla is infheidhme maidir le hinrochtaineacht a dtáirgí, a n-earraí agus a seirbhísí a chomhlíonadh.

Leis an doiciméad seo, cuirtear inrochtaineacht chun cinn trí chur chuige ‘Dearadh do Chách’ a leanúint le haghaidh táirgí, earraí agus seirbhísí úsáide laethúla agus a n-idir-inoibritheacht le teicneolaíochtaí cúnata. Mar sin féin, ní sholáthraítear leis sonraíochtaí dearaidh teicniúla.

Tá na ceanglais a leagtar amach sa chaighdeán seo cineálach agus infheidhme maidir le raon leathan táirgí agus seirbhísí.

## 5. Iarscríbhinn I. Ceanglais inrochtaineachta

### 5.1. Ceanglais maidir le hinrochtaineacht dhigiteach

Ní mór na riachtanais agus ceanglais inrochtaineachta seo a leanas a chur san áireamh agus suíomhanna Gréasáin, feidhmchláir agus táirgí agus seirbhísí eile a chumhdaítear le reachtaíocht an Aontais Eorpaigh á bhforbairt, lena n-áirítear iad siúd a bhaineann le hiompar de bhus, d'iarannród agus d'aer agus le hiompar uisce-iompartha.

Tabhair faoi deara: I dTábla A.1 i gcaighdeán EN 301 549, tugtar liosta níos mionsonraithe de na ceanglais maidir le hinrochtaineacht inneachair Gréasáin.

#### 5.1.1. Úsáid gan radharc

Ní mór modh úsáide amháin ar a laghad a bheith ann nach dteastaíonn radharc ina leith. Mar shampla, léitheoirí scáileáin nó Braille. Chun úsáid gan radharc a fheabhsú, ní mór na nithe seo a leanas a bheith ar áireamh san inneachair:

- Roghanna malartacha téacs - ní mór rogha mhalartach téacs lena gcuirtear an bhrí choibhéiseach nó an cuspóir coibhéiseach in iúl a bheith ag aon inneachair neamhthéacs amhail íomhánna. (Tagairt EN 301 549: clásal 10.1.1).
- Struchtúr leordhóthanach inneachair – ní mór ceannteidil (H1, H2, H3) agus lipéid a bheith neadaithe i gceart ag an inneachair. Caithfidh sé a bheith eagraithe go loighciúil agus go séimeantach. (Tagairt EN 301 549: clásail 9.2.4.6, 10.2.4.6, 11.2.4.6).
- Inrochtana le méarchlár - Ní mór feidhmiúlacht uile an inneachair a bheith inoibrithe trí chomhéadan méarchláir, ní hamháin le luch. (Tagairt EN 301 549: clásail 9.2.1, 10.2.1, 11.2.1).
- Inneachair ilmheán – ní mór cur síos fuaime a dhéanamh ar aon inneachair ilmheán. (Tagairt EN 301 549: clásail 7.2, 7.3, 9.1.2.3).

### 5.1.2. Úsáid le radharc teoranta

Ní mór inneachar digiteach, táirgí digiteacha agus seirbhísí digiteacha gnéithe a sholáthar, nó a bheith comhoiriúnach le gnéithe, lena gcuirtear ar chumas úsáideoirí deiridh a bhfuil radharc teoranta acu é nó iad a fheiceáil níos fearr.

- Méadú ar mhéid an téacs – ní mór a bheith in ann méid an téacs a athrú ionas nach bhfuil scrollú ag teastáil. (Tagairt EN 301 549: Clásail 9.1.4.4, 10.1.4.4, 11.1.4.4, 11.1.4.4.2).
- Codarsnacht leordhóthanach dathanna – Caithfidh meascán codarsnachta dathanna a bheith leordhóthanach. Ní mór d'úsáideoirí a bheith in ann an chodarsnacht dathanna a choigeartú freisin. (Tagairt EN 301 549: Clásail 9.1.4.3, 9.1.4.11, 10.1.4.3, 10.1.4.11, 11.1.4.3, 11.1.4.11).

### 5.1.3. Úsáid gan aireachtáil datha

Níor cheart leis an inneachar éileamh ar úsáideoirí deiridh idirdhealú a dhéanamh idir dathanna.

- Dath a úsáid – ní mór rogha eile inrochtana ar nós téacs a bheith ag aon fhaisnéis a chuirtear in iúl gan ach dath amháin a úsáid. (Tagairt EN 301 549: clásail 9.1.4.1, 10.1.4.1, 11.1.4.1).

### 5.1.4. Úsáid gan éisteacht

Má tá inneachar ilmheán ag an táirge nó ag an tseirbhís, ní mór rogha eile a bheith ann seachas faisnéis fuaimne.

- Ateangaireacht teanga comharthaíochta – ba cheart ateangaireacht teanga comharthaíochta a bheith ar áireamh in inneachar meán atá ar fáil ar shuíomh Gréasáin nó i bhfeidhmchlár (Tagairt EN 301 549: clásal 6.5).

### 5.1.5. Úsáid le héisteacht theoranta

Má sholáthraítear inneachar ilmheán leis an táirge nó leis an tseirbhís, ní mór gnéithe a chur ar áireamh lena gcuirtear ar chumas úsáideoirí an fhaisnéis a chloisteáil níos fearr. D'fhéadfadh úsáideoirí nach bhfuil aon chumas éisteachta acu leas a bhaint as na gnéithe inrochtaineachta sin freisin.

- Fotheidil – caithfidh fotheidil a bheith ag aon inneachar ilmheán. (Tagairt EN 301 549: clásal 7.1).
- Rogha mhalartach ar theachtaireachtaí gutha – má sholáthraítear seirbhísí cumarsáide leis an suíomh Gréasáin, leis an bhfeidhmchlár nó leis an táirge seirbhísí, ní mór rogha mhalartach ar theachtaireachtaí gutha a bheith ann. Mar shampla, seirbhísí teachtaireachtaí téacs. (Tagairt EN 301 549: clásal 6.4).
- Feidhmiúlacht téacs fíor-ama – sampla de na gnéithe seo is ea bogearraí lena soláthraítear fotheidil fíor-ama le linn glaonna teileafóin. Léann an duine a bhfuil cumas éisteachta teoranta aige nó aici an méid a deir an duine ar an taobh eile. (Tagairt EN 301 549: clásal 6.2).

### 5.1.6. Úsáid gan cumais ghutha

Má theastaíonn ionchur gutha ón inneachar, ón táirge nó ón tseirbhís, ní mór rogha mhalartach a chur ar fáil leis nó léi. Baineann roinnt úsáideoirí nach bhfuil cumais ghutha acu tairbhe as gnéithe inrochtaineachta atá deartha d'úsáideoirí nach bhfuil aon chumas éisteachta acu nó nach bhfuil ach cumas éisteachta teoranta acu, amhail seirbhísí teachtaireachtaí téacs nó feidhmiúlacht téacs Fíor-ama.

- Rogha mhalartach ar fhíordheimhniú a sholáthar trí aitheantas gutha (tagairt EN 301 549: clásal 5.3).
- Ní mór d'ardán físchomhdhála lena soláthraítear cumarsáid trí ghuth cainéal cumarsáide téacs fíor-ama a sholáthar freisin (tagairt EN 301 549: clásal 6.2.1.2).

- Ní mór do sheirbhís ghuthbhunaithe rogha mhalartach a chur ar fáil nach dteastaíonn guth ina leith (tagairt EN 301 549: clásal 6.4).

#### 5.1.7. Úsáid le hionramháil theoranta nirt

Ní mór nach n-áirítear le táirgí aon ghnéithe a bhfuil sé i gceist leo úsáid a bhaint as neart mór nó as síneadh fairsing. Mar sin féin, ní mór do tháirgí lena n-éilítear ar úsáideoirí teagmháil a dhéanamh le scáileán, gluaiseachtaí láimhe a dhéanamh nó fórsa a úsáid roghanna malartacha a sholáthar, amhail gnéithe rialaithe gutha.

- An fórsa a úsáidtear - níor cheart é a bheith ar úsáideoirí fórsa mór a úsáid chun gné ar chomhéadan úsáideora a ghníomhachtú. (Tagairt EN 301 549: clásal 8.4.2.2.).

#### 5.1.8. Íoslachdaigh trúigeanna taomanna fótamhothálacha

Seachain inneachar a fhoilsiú a splancálann 3 huairé nó níos mó in aghaidh an tsoicind, nó ina bhfuil an splanc faoi bhun na dtairseach splaince ginearálta agus splaince deirge. Lig d'úsáideoirí stop a chur le beochan ar bith atá ar áireamh (tagairt EN 301 549: clásail 9.2.3, 10.2.3, 11.2.3).

#### 5.1.9. Úsáid le cognaíocht theoranta, le teanga theoranta nó le foghlaim theoranta

Ní mór faisnéis faoi tháirgí nó seirbhísí a bheith soiléir agus gan aon bhéarlagair teicniúil ná aon téarmaí casta (tagairt EN 301 549: clásal 9.3.1). Chomh maith leis sin, ní mór treoracha agus na lipéid a bheith soiléir (tagairt EN 301 549: clásal 9.3.3.2).

#### 5.2. Faisnéis maidir le táirgí agus seirbhísí

Ní mór faisnéis faoi sheirbhísí agus táirgí a chumhdaítear leis an Ionstraim Eorpach Inrochtaineachta a bheith ar fáil i níos mó ná formáid amháin. Mar shampla, i suíomh Gréasáin, i bhfeidhmchlár, in ábhair chlosamhairc, etc. Áirítear léi sin faisnéis faoi shaoráidí inrochtaineachta a chuireann soláthraithe seirbhíse aeir, iarnróid, bus agus uisce-iompartha ar fáil.



Ní mór an méid seo a leanas a bheith ar áireamh san fhaisnéis faoi tháirgí a thagann ar an táirge féin (lipéadú, pacáistiú agus rabhaidh) agus treoracha úsáide (lámhleabhar úsáideora, suíomh Gréasáin, aip, etc.):

- Cuspóir an táirge, conas é a ghníomhachtú agus a úsáid
- Comhoiriúnacht le teicneolaíochtaí cúnta
- Na gnéithe inrochtaineachta atá ar áireamh agus conas iad a úsáid

### 5.3. Uimhir éigeandála Eorpach (112)

Ní mór do dhaoine a bhfuil míchumas orthu, lena n-áirítear daoine atá bodhar agus dall, a bheith in ann rochtain a fháil ar an uimhir aonair éigeandála Eorpach, 112, ar choinníollacha comhionanna le daoine eile. Tá sé sin ina cheangal ar na Ballstáit uile.

- Ní mór an tseirbhís a bheith comhoiriúnach le cineálacha malartacha cumarsáide amhail SMS, téacs fíor-ama, físghlaonna nó seirbhísí sealaíochta, lena n-áirítear téacs nó pictagraim atá scríofa cheana féin. Ní mór na TFCanna lena soláthraítear seirbhísí sealaíochta nó rochtain ar sheirbhís éigeandála na ceanglais is infheidhme de chuid [ETSI ES 202 975 \[i.5\]](#) a chomhlíonadh. (Tagairt EN 301 594: clásal 13).
- Agus cumarsáid théacsbhunaithe ar nós SMS, comhrá nó téacs fíor-ama á húsáid acu, ní mór d'oibritheoirí a chur in iúl do ghlaiteoirí go bhfuarthas an teachtaireacht.
- Ní mór d'oibritheoirí a bheith in ann físghlaonna a fhreagairt trí úsáid a bhaint as teanga chomharthaíochta náisiúnta agus idirnáisiúnta.
- Ní mór teanga atá éasca le tuiscint a úsáid i ngach cumarsáid le glaoiteoirí.
- Ní mór glaonna ciúine a chur san áireamh mar d'fhéadfadh an glaoiteoir a bheith ina dhuine nó ina duine atá i bhfíorstaid éigeandála agus gan a bheith ábalta labhairt.

(Foinse: [EENA, \(2021\). Emergency Services Accessibility for Persons with Disabilities](#)).

#### 5.4. Ceanglais inrochtaineachta le haghaidh seirbhísí iompair

Ní mór críochfoirt busanna/cóistí agus calafoirt, aerfoirt agus stáisiúin traenach a dhearadh chun ligean do phaisinéirí a mbealach a aimsiú go héasca agus gluaiseacht thart. Seo thíos achoimre ar na ceanglais ghinearálta chun seirbhísí iompair a dhéanamh inrochtana. Mar sin féin, chun míniú mionsonraithe agus teoracha a fháil maidir le conas áiteanna iompair phoiblí a dhearadh, féach an caighdeán EN 17210:2021.

- **Faisnéis** - Ní mór comharthaíocht chuí a bheith i bhfeidhm taobh istigh de stáisiún nó de chríochfort maidir leis na bealaí agus ní mór í a bheith geal. Ní mór comharthaí a bheith éasca le brath agus le tuiscint. Ní mór an fhaisnéis a bheith iomlán, gonta agus tráthúil, agus siombailí, deilbhíní agus picteagraim inaitheanta le fáil uirthi. Ní mór comharthaíocht thadhlaigh a bheith ann freisin do dhaoine a bhfuil lagú radhairc orthu. Ba cheart tús áite a thabhairt do chomharthaí ina bhfuil eolas faoi éigeandáil agus sábháilteacht in ionad fógraíochta. (Tagairt EN 17210:2021: clásail 6.2, 6.4, 6.6 agus 6.7).
- **Codarsnacht radhairc leordhóthanach** - Ní mór leibhéal éagsúla codarsnachta radhairc a bheith ann chun é a dhéanamh níos éasca do dhaoine a dtimpeallacht a bhrath agus na ceantair dhifriúla a aithint. Mar shampla, codarsnacht mheasartha idir dromchlaí móra (urláir, ballaí, síleálacha, etc.), doirse agus frámaí dorais, comhpháirteanna oscailte agus dúnta dorais, ráillí láimhe agus ballaí agus codanna seasta eile sa timpeallacht. I gcás codanna a bhaineann leis an tslándáil, ba cheart ardchodarsnacht a sholáthar. Mar shampla, ballaí gloine, rochtain ar staighrí beo, imeall céimeanna, etc. (Tagairt EN 17210:2021: clásal 6.3).
- **Faisnéis fuaimne** - Ní mór do stáisiúin, críochfoirt agus aerfoirt faisnéis fuaimne a chur ar fáil chun rabhadh a thabhairt faoi chontúirtí agus faoi éigeandálaí, chun uimhreacha geata a chur in iúl, chun fógra a thabhairt faoi bhailiú ticéad, etc. Caithfidh an fhaisnéis sin a bheith éasca le tuiscint, i méid leordhóthanach agus gan athbhrí. Caithfidh sí a bheith ar fáil i níos mó ná formáid amháin, mar

shampla, mar fhógra poiblí **agus** i bhfeidhmchlár. (Tagairt EN 17210:2021: clásal 6.5).

- **Bealaí inrochtana** - Ní mór bealach inrochtana amháin ar a laghad a sholáthar chun príomhchodanna uile an chríochfoirt a nascadh. Mar shampla, pointí teachta, bealaí isteach inrochtana lena n-áirítear pointí faisnéise do phaisinéirí. Ní mór do na bealaí sin an fad is giorra a leanúint ón mbealach isteach go dtí an ceann scríbe agus an limistéar páirceála. Ní mór é a bheith scartha freisin ó ghluaiseacht feithiclí, lena n-áirítear rothair, trí cholbha, ráille nó bacainn a bheith ann. (Tagairt EN 17210:2021: clásal 7.1).
- **Limistéir bhordála agus thuirlingthe** - Ní mór an tSiombail Inrochtaineachta Idirnáisiúnta agus an tsiombail ISO a bheith marcáilte orthu. In áiteanna ina bhfuil difríocht ann idir an bóthar agus an cosán, caithfear cuas a chur ar fáil chun aistriú daoine a úsáideann cathaoireacha rothaí a éascú. Ní mór d'fheithiclí a bhfuil gléasanna ardaithe speisialta acu spás a chur ar fáil do dhuine a úsáideann cathaoir rothaí chun go mbeadh sé nó sí in ann ainliú go sábháilte. Caithfidh na suíocháin a bheith gar don limistéar bordála agus tuirlingthe. Ina theannta sin, ní mór Táscairí Tadhlaigh Dromchla Siúil a chur ar fáil chun ligean do dhaoine dala an bealach isteach agus amach a aimsiú. (Tagairt EN 17210:2021: clásal 8.2).
- **Áiteanna páirceála inrochtana** - Ní mór d'áiteanna páirceála atá curtha in áirithe do dhaoine a bhfuil míchumas orthu a bheith gar do bhealach isteach an fhoirgnimh. Ní mór líon na n-áiteanna forchoimeáda a chinneadh leis na dlíthe náisiúnta. (Tagairt EN 17210:2021: clásal 8.3).
- **Rampaí** - Ní mór foirgnimh a bheith deartha ar bhealach a fhágann nach bhfuil rampaí ag teastáil. Tá rampaí riachtanach nuair atá an grádán ar bhealach inrochtana níos mó ná fána réidh. Ina theannta sin, ba cheart staighre a sholáthar mura bhfuil an t-athrú ar an leibhéal cothrom le dhá chéim nó níos lú ná dhá chéim. Mar an gcéanna, ba cheart codanna a bhfuil rampaí cuartha acu a sheachaint. Níor cheart rampaí faoi dhíon a úsáid ach amháin chun difríochtaí

leibhéal teoranta a chlúdach agus níor cheart iad a úsáid choíche chun urláir éagsúla a nascadh i bhfoirgneamh. (Tagairt EN 17211:2022: clásal 10.1).

- **Leithris inrochtana** - Tá leithris inrochtana riachtanach in aon áit phoiblí. Ba cheart iad a bheith lonnaithe i limistéir atá éasca agus tapa le haimsiú. Ní mór seomra folctha amháin ar a laghad a bheith d'fhir agus do mhná araon chun cúnamh a thabhairt don dá ghnéas. Chomh maith leis sin, ní mór aistriú ón úsáideoir ó chathaoir rothaí go dtí an leithreas a chumasú leo. Ina theannta sin, ba cheart doirteal a bheith ar áireamh sna leithris agus ba cheart bealaí chun cabhair a iarraidh i gcás éigeandála a chur ar fáil iontu. (Tagairt EN 17210:2021: clásal 12.1).